

ubh Chásca

coinín

ciseán

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cad é an rud is fearr leat féin faoin Cháisc?

**Tasc 2:**
Fuair Caoimhe bronntanas deas.
Ainmnigh 5 bhronntanas a fuair tú féin.

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

18 Coinín na Cásca

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam
Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana

# Coinín na Cásca

# Coinín na Cásca

Is mise Caoimhe agus is breá liom an Cháisc. Bíonn muid saor ón scoil. Faighim bronntanas beag deas Domhnach na Cásca – **ubh Chásca**! Bíonn cead agam í a ithe i ndiaidh an bhricfeasta.

I mbliana chuaigh muid a luí go luath mar bhí a fhios againn go raibh an lá mór ag teacht, ach mhúscail mé i rith na hoíche. Bhí gach duine eile ina gcodladh. Chuala mé rud éigin thíos staighre. Ní raibh a fhios agam cé a bhí ann. D'éirigh mé agus chuaigh mé síos an staighre go ciúin. Cé a bhí ina sheasamh sa tseomra suí ach **Coinín** na Cásca! Bhí **ciseán** ina lámh aige. Bhí mé ábalta na huibheacha seacláide a fheiceáil. Mmmmmm. Blasta! Bhí eagla orm mar bhí a fhios agam nach raibh cead agam Coinín na Cásca a fheiceáil. Rith mé suas an staighre arís go ciúin agus léim mé isteach i mo leaba.

Nuair a mhúscail mé ar maidin rith mé síos an staighre. Bhí gach rud iontach ciúin ach bhí Coinín na Cásca ar shiúl. Tháinig áthas orm nuair a chonaic mé ubh mhór sheacláide ag fanacht liom. Bhí mé iontach sásta ach cá háit a raibh Coinín na Cásca?

# Ceisteanna

**1. Cén t-am den bhliain a bhí ann?**
(a) An Nollaig
(b) An Cháisc
(c) Oíche Shamhna

**2. Cá huair a itheann Caoimhe an ubh Chásca?**
(a) Roimh an bhricfeasta
(b) I ndiaidh an dinnéir
(c) Nuair a bhíonn an bricfeasta críochnaithe

**3. Mhúscail Caoimhe i rith na hoíche mar:**
(a) bhí sí tógtha.
(b) chuala sí trup.
(c) bhí sí fuar.

**4. Cé acu atá fíor?**
(a) Bhí mamaí thíos staighre
(b) Bhí Coinín na Cásca sa tseomra suí
(c) Bhí Daidí na Nollag ann

**5. Cén fáth ar rith Caoimhe suas an staighre arís?**
(a) Bhí tuirse an domhain uirthi
(b) Níl cead agat Coinín na Cásca a fheiceáil
(c) Fuair sí na huibheacha Cásca

**6. Cad é mar a mhothaigh Caoimhe ar maidin?**
(a) Bhí tuirse uirthi
(b) Bhí fearg uirthi
(c) Bhí áthas uirthi